Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14249/19**

**POLGEN 184**
**POLMAR 11**
**CLIMA 306**
**COMAR 17**
**CONUN 151**
**ENER 506**
**ENV 932**
**MAR 173**
**MARE 26**
**PECHE 511**
**RECH 497**
**RELEX 1066**
**TOUR 22**
**TRANS 541**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13845/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad an 19 Samhain 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

Á MHEABHRÚ DI:

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Muirí Comhtháite ó mhí na Nollag 2008, an 16 Samhain 2009, an 14 Meitheamh 2010, an 19 Nollaig 2011, an 11 Nollaig 2012, an 25 Meitheamh 2013 agus an 24 Meitheamh 2014[1];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach, an 20 Meitheamh 2016[2];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le "Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan", an 3 Aibreán 2017[3];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le Fás Gorm, an 26 Meitheamh 2017[4];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta do Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE), an 26 Meitheamh 2018[5];

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bagairt dhíreach eiseach é an t-athrú aeráide ar an mbeatha sna haigéin agus sna farraigí ar fud an domhain; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil prionsabail na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear prionsabal an réamhchúraim, i gcroílár na mbeartas Eorpach; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá beartais iomlánaíocha, chomhtháite agus eolaíochtbhunaithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis na haigéin agus na farraigí ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus domhanda; CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé, ó thaobh gheilleagar na hEorpa agus na fostaíochta san Eoraip de, go gcothófar forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha eacnamaíocha atá bunaithe agus atá ag teacht chun cinn sa mhéid a bhaineann leis na haigéin, na farraigí, na cóstaí, trí Bheartas Muirí Comhtháite an Aontais agus trí bheartais na mBallstát.

[1] 16503/1/08 REV 1, 15175/1/09 REV 1, 10300/10, 18279/11, 16553/12 + COR 1, 10790/13 agus 11204/14
[2] 10400/16
[3] 8029/17
[4] 10662/17
[5] 10494/18

2. AITHNÍONN SÍ go mbeidh gá le hathrú ó bhonn, lena n-áirítear sa tsochaí agus sa gheilleagar, chun an taoide a chasadh maidir leis an meath ar shláinte na n-aigéan, chun a n-éiceachórais a chaomhnú agus leas inbhuanaithe a bhaint as acmhainní muirí chun aigéin shláintiúla athléimneacha a áirithiú.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gurb é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) a leagann amach an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an ról atá ag an Aontas gona Bhallstáit maidir leis na haigéin a chur chun cinn mar thosaíocht sa bheartas domhanda agus comhar agus comhordú idirnáisiúnta a spreagadh ar fud na scálaí, na ndlínsí agus na n-earnálacha, lena n-áirítear trí na Náisiúin Aontaithe, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, agus comhaontuithe ábhartha iltaobhacha chun inbhuanaitheacht na n-aigéan a chur chun cinn; MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach sa chomhthéacs sin.

5. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le haigéin atá glan, sláintiúil agus táirgiúil, a ndéantar a gcuid éiceachóras a chaomhnú agus a bhfuil a gcuid acmhainní á n-úsáid ar bhealach inbhuanaithe, chun spriocanna Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach; CUIREANN SÍ I dTREIS gur dlúthchuid de Chlár Oibre 2030 é SDG14 (Beathra Faoin Uisce), arb é is aidhm dó na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na spriocanna atá le baint amach faoin mbliain 2020 agus 2025, lena n-áirítear trí choinbhinsiúin maidir le farraigí réigiúnacha, pleananna gníomhaíochta réigiúnacha, eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus an sásra leantach agus athbhreithnithe; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an clár oibre um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan do thodhchaí ár n-aigéan mar chuid lárnach d'fhreagairt an Aontais ar chlár Oibre 2030.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI téamh fharraigí réigiúnacha na hEorpa ar luas níos airde ná an meán.

7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tionchar ar leith ag an meath ar shláinte agus ar tháirgiúlacht an aigéin ar na Tíortha is Lú Forbairt agus ar Stáit Oileánacha Bheaga i mbéal Forbartha atá ag brath ar acmhainní muirí do shlándáil an tsoláthair bia agus don fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI AGUS IS MÓR AICI an Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda ó IPBES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais a formheasadh i mí na Bealtaine 2019; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an fhaisnéis scáfar faoi staid na bithéagsúlachta lena n-áirítear éiceachórais mhuirí agus chósta; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór aghaidh a thabhairt go pras, agus ar bhealach comhleanúnach, ar an iliomad tiománaithe daonna a bhaineann leis an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú agus ídiú aigéin.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ainmniú agus bainistiú éifeachtach na Limistéar Muirí faoi Chosaint ar aon dul le cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) lena n-áirítear sprioc AICHI 11 faoin bPlean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-2020 agus an obair leantach a thig as, agus bearta cosanta limistéarbhunaithe eile le haghaidh chaomhnú agus athshlánú na bithéagsúlachta muirí agus cósta agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais mar mhodh éifeachtúil chun bithéagsúlacht na n-éiceachóras leochaileach muirí agus cósta a chosaint.

10. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR an gá atá le gníomhú láithreach i gcoinne bagairtí, atá ag dul i méid, agus na hiarmhairtí carnacha a bhaineann leo, ar ár n-aigéin, ár bhfarraigí agus ár limistéir cois cósta, amhail an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, aigéadú, eotrófú agus limistéir hiopascacha mhéadaitheacha, truailliú ó shubstaintí contúirteacha agus guaiseacha, speicis choimhthíocha ionracha (IAS), bruscar muirí agus micreaphlaistigh, torann faoi uisce, róshaothrú acmhainní muirí agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha.

11. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh faoi chuimsiú an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) chun a áirithiú go mbeidh an t-iascach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de agus athdhearbhaíonn sí gur gá leanúint de CBI a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, pleananna bainistíochta ilbhliantúla, agus réigiúnú an bheartais, urraim a thabhairt don uastáirgeacht inbhuanaithe chomh maith le rialú agus forfheidhmiú éifeachtach.

12. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá na drochthionchair a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta ar an muirthimpeallacht a íoslaghdú i gcónaí, lena n-áirítear trí fhoghabhálacha a íoslaghdú, amhail céiticigh, éanlaith mhara, réiptílí agus speicis íogaire eile agus é mar chuspóir ag an am céanna táirgeadh inbhuanaithe bia ón bhfarraige a áirithiú.

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an méid a chuireann gníomhaíochtaí, cláir agus bonneagar spáis an Aontais le cosaint na muirthimpeallachta, measúnú ar thionchar an athraithe aeráide, geilleagar gorm inbhuanaithe an Aontais a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí.

14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhdhálacha agus ócáidí ardleibhéil amhail Comhdháil na Náisiún Aontaithe 2020 i Liospóin chun tacú le cur chun feidhme SDG 14, Comhdháil "Our Ocean" 2019 in Osló agus Comhdháil "Our Ocean" 2020 in Oileáin Palau ina lorgófar réitigh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aigéan tríd an mbeartas, an rialachas, an teicneolaíocht, tacaíocht eolaíoch agus theicniúil agus an t-airgeadas a chomhcheangal agus trí ardán a chruthú do rialtais, eagraíochtaí agus gnólachtaí chun go mbeidh gealltanais agus gníomhaíochtaí nithiúla agus intomhaiste ann lena gcuirfear le glaine, le sláinte agus le táirgiúlacht na n-aigéan.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá taighde muirí agus mara feabhsaithe agus a thábhachtaí atá eolas ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí ar muir; ATHDHEARBHAÍONN SÍ rannpháirtíocht láidir an Aontais gona Bhallstáit i nDeich mBliana na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe ó na Náisiúin Aontaithe (2021-2030).

16. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le cothrom na Féinne a áirithiú bunaithe ar obair chuibhiúil agus ar inbhuanaitheacht shóisialta sa Gheilleagar Gorm, lena n-áirítear iascaigh, trí Phrionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus na coinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta amhail Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus an Coinbhinsiún maidir le hObair san Iascaireacht 2007.

## I. NA hAIGÉIN AGUS AN tATHRÚ AERÁIDE

17. CUIREANN SÍ IN IÚL gur mór aici obair an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC); IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Speisialta ar an Aigéan agus ar an gCróisféar in Aeráid atá ag Athrú arna formheas ag IPCC ag an 51ú Seisiún a bhí aige a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2019, lena gcuirtear ar bhealach nithiúil le tuiscint agus feasacht níos fearr maidir leis an éifeacht atá ag an athrú aeráide ar na haigéin agus ar a gcuid éiceachóras; IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI torthaí suntasacha na Tuarascála Speisialta; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an méadú atá ag teacht ar leibhéal na farraige mar thoradh ar leá luathaithe na n-oighearchlúideacha agus ar leathnú teirmeach na n-aigéan; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar thorthaí na tuarascála agus roghanna freagartha beartais a mholadh; IARRANN SÍ go ndéanfaí níos mó gníomhaíochta beartais ar gach leibhéal rialachais.

18. TACAÍONN SÍ le hUachtaránacht na Sile ar COP25 maidir le ceist na n-aigéan a ardú mar cheann dá tosaíochtaí sonracha ag COP25; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dlúthnasc ann idir an t-athrú aeráide, díghrádú na n-aigéan agus caillteanas na bithéagsúlachta; IARRANN SÍ go mbeidh comhar agus sineirgí níos dlúithe ann i dtaca le saincheisteanna a bhaineann leis an aigéan agus leis an aeráid i measc na gcoinbhinsiún ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe agus i dtaca le próisis eile a bhaineann le cúrsaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha aigéin.

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é cur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras an ghníomhaíocht is tábhachtaí chun na haigéin a chosaint, go háirithe trí ghníomhaíocht threisithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú, rud atá ríthábhachtach chun drochthionchair a laghdú, amhail téamh, aigéadú, caillteanas ocsaigine agus ardú ar leibhéal na farraige; TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI go bhfuil méadú tagtha ar an riosca go mbainfear amach na tairseacha maidir le hathrú tobann do-aisiompaithe sna haigéin.

20. Chun athléimneacht na n-aigéan a mhéadú i bhfianaise an athraithe aeráide, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an ghníomhaíocht a neartú chun brúnna antrapaigineacha eile ar na haigéin a laghdú, amhail brú ó thruailliú ó chothaithigh, substaintí guaiseacha, ábhar orgánach agus bruscar plaisteach, chomh maith le gníomhaíocht chun éiceachórais mhuirí a athbhunú agus a chaomhnú, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a phráinní atá sé go ndéanfaí an loingseoireacht dhomhanda níos inbhuanaithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI go bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh méadú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar muirí ón leibhéal atá ann faoi láthair; TACAÍONN SÍ leis an sprioc atá ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) astaíochtaí $CO_2$ ón loingseoireacht idirnáisiúnta a laghdú i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras; IARRANN SÍ ar IMO go gcuirfear chun feidhme go pras an Straitéis Tosaigh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú; MOLANN SÍ go gcuirfidh an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (MEPC) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) bailchríoch ghasta ar bhearta éifeachtacha gearrthéarmacha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sa loingseoireacht idirnáisiúnta roimh 2023.

**II. RIALACHAS IDIRNÁISIÚNTA NA nAIGÉAN**

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil dar teideal *Improving International Ocean Governance – Two years of progress* [Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan a Fheabhsú – Dhá bhliain de dhul chun cinn] agus cuireann sí chun suntais an rannchuidiú mór ón Aontas leis an gcreat rialachais idirnáisiúnta a fheabhsú, le taidhleoireacht maidir leis na haigéin agus an comhar idirnáisiúnta i ndáil leis na haigéin a neartú, leis an mbrú atá ar na haigéin a laghdú agus le taighde agus sonraí idirnáisiúnta ar na haigéin a neartú; TACAÍONN SÍ leis an obair leantach agus le tuilleadh forbartha ar an gclár oibre um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan agus MOLANN SÍ go mbunófar fóram de chuid an Aontais le páirtithe leasmhara, fóram a dhíreoidh ar na haigéin agus na farraigí ar fud an domhain.

23. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá obair an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) agus CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá an creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 agus an gá atá le spriocanna uaillmhianacha réalaíocha, lena gcuirfear dlús le gníomhaíocht agus lena n-éascófar rianú éifeachtach an dul chun cinn, lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht mhuirí agus chósta.

24. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a tiomantas chun ionstraim uaillmhianach idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích faoi 2020, ar ionstraim í a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i dtaca le bithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe.

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS Comhdháil Aigéan na Náisiún Aontaithe a bheidh i Liospóin i mí an Mheithimh 2020 mar gharsprioc chun an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 a chur chun feidhme; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé ról tábhachtach a imirt agus páirt iomlán a ghlacadh in ullmhú na comhdhála agus go gcaithfear cur leis an obair sin chun dul chun cinn tráthúil a áirithiú i dtaca leis na spriocanna uile.

26. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit leanúint lena gcuid beartas um chomhar idirnáisiúnta agus um fhorbairt a úsáid, lena n-áirítear Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, chun acmhainneacht a chur chun cinn agus a fhorbairt i dtaca le rialachas níos fearr ar na haigéin agus le caomhnú agus athshlánú na bithéagsúlachta ionas go laghdófar brú, lena n-áirítear brú carnach ar na haigéin, agus i dtaca le forbairt geilleagar gorm inbhuanaithe agus iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn trí chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtithe agus geallsealbhóirí ábhartha eile. IS DÍOL SÁSAIMH DI go mbeidh na haigéin san áireamh sa chaibidlíocht iar-Cotonou a dhéanfar.

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, faoi 2020, chun cosc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh, ar fóirdheontais iad a chuireann le ró-acmhainneacht agus le ró-iascaireacht agus a chuireann deireadh le fóirdheontais a chuireann leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN).

28. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí an Aontais sa chomhrac domhanda i gcoinne iascaireacht NNN a neartú, go háirithe, chun a áirithiú go dtiocfaidh táirgí iascaigh a allmhairítear isteach san Aontas ó ghníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh i gcomhréir leis na bearta caomhnaithe agus bainistithe is infheidhme; TACAÍONN SÍ le cur chuige neamhfhulaingthe maidir le hiascaireacht NNN lena gcuirtear leis an idirphlé a bhí ann cheana le tríú tíortha agus lena n-áirithítear go nglactar teicneolaíochtaí nua chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin go héifeachtach.

29. CUIREANN SÍ I dTREIS an dualgas atá leagtha amach ag UNCLOS agus an Comhaontú maidir le Forálacha UNCLOS a Chur Chun Feidhme i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach chun comhoibriú i gcaomhnú agus i mbainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach agus gach stoc éisc ar an mórmhuir agus an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na stoc atá faoina gcúram agus a n-éiceachóras a áirithiú; AITHNÍONN SÍ comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe mar chineálacha comhair a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, lena ndírítear iarrachtaí agus cistí chun acmhainneachtaí a threisiú maidir le heolaíocht agus rialú san iascach agus chun tacú le tíortha comhpháirtíochta chun a mbeartais iascaireachta inbhuanaithe a bhunú.

30. IS DÍOL SÁSAIMH DI na comhpháirtíochtaí aigéan idir an tAontas agus an tSín agus idir an tAontas agus Ceanada; IS MÓR AICI na gníomhaíochtaí comhair atá á bhforbairt faoi na comhpháirtíochtaí sin, amhail an Chomhpháirtíocht Ghorm idir an tAontas Eorpach agus an tSín d'Fhóram na nAigéan, mar bhealach chun rialachas domhanda agus comhleanúnachas beartais níos fearr a bhaint amach i leith na n-aigéan. TACAÍONN SÍ le comhpháirtíochtaí aigéin a fhorbairt amach anseo.

**III. AN GEILLEAGAR GORM INBHUANAITHE**

31. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS torthaí Thuarascáil an Gheilleagair Ghoirm 2019; IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige nua a forbraíodh do gheilleagar gorm inbhuanaithe; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil bainistiú comhordaithe ar earnálacha an gheilleagair ghoirm ríthábhachtach chun Geilleagar Gorm inbhuanaithe a áirithiú.

32. AITHNÍONN SÍ a shuntasaí atá an geilleagar gorm mar chuid de bheartas muirí comhtháite an Aontais; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an beartas muirí comhtháite chun an chinnteoireacht chomhordaithe agus chomhleanúnach a chothú agus chun fás inbhuanaithe a chur chun cinn.

33. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go leanann na hearnálacha seanbhunaithe amhail an turasóireacht chósta agus mhuirí, beo-acmhainní na mara, lena n-áirítear an t-iascach inbhuanaithe, acmhainní muirí neamhbheo, gníomhaíochtaí calafoirt, longthogáil, teicneolaíochtaí muirí agus an t-iompar muirí de chur le geilleagar gorm an Aontais agus de bheith ina bpríomhcholúin de; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngeilleagar gorm i gcomhréir le prionsabail na hinbhuanaitheachta; MOLANN SÍ go dtabharfar aird ar leith ar na hearnálacha atá ag teacht chun cinn, amhail fuinneamh gorm, bithgheilleagar gorm agus biteicneolaíocht ghorm, chomh maith le díshalannú, toisc go dtugann siad deis shuntasach don gheilleagar gorm forbairt ar bhonn inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide a mhaolú.

34. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an digiteáil i bhfianaise na hacmhainneachta suntasaí atá ann chun gnéithe teicniúla agus oibríochtúla na hearnála mara agus muirí a bharrfheabhsú, lena n-áirítear astaíochtaí a laghdú ón loingseoireacht.

35. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfaidh na haigéin cur go mór le fuinneamh inathnuaite muirí; IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas comhpháirteach na mBallstát ina bpleananna náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid acmhainneacht fuinnimh inathnuaite amach ó chósta na hEorpa a mhéadú faoi cheathair faoi 2030; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an meastachán a rinne an Coimisiún ina Theachtaireacht maidir le Pláinéad Glan in 2018 go nginfear aon cheathrú d'acmhainneacht leictreachais an Aontais amach ón gcósta faoi 2050; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an acmhainneacht a bhaineann le dobharshaothrú ar leibhéal íseal trófach próitéin a tháirgeadh le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa, mar a léiríodh sa tuarascáil ó Phríomhchomhairleoirí Eolaíocha an Choimisiúin maidir le bia ó na haigéin.

36. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige comhordaithe chun an Treoir Réime maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chur chun feidhme mar phríomhuirlisí chun an cur chuige bunaithe ar an éiceachóras a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gur úsáid inbhuanaithe a bhainfear as na haigéin agus na farraigí; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir le pleanáil spásúil mhuirí a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an imchuach farraige, ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal domhanda d'fhonn comhleanúnachas le cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a áirithiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhordaithe idir tíortha agus laistigh de choinbhinsiúin agus eagraíochtaí iltaobhacha.

37. AITHNÍONN SÍ go bhfuil méadú ar an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach ríthábhachtach chun Geilleagar Gorm nuálach agus inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas agus ar fud an domhain.

38. IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh BlueInvest chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) táirgí agus seirbhísí nuálacha inbhuanaithe a chur ar an margadh trí phacáiste beart lena n-áirítear cóitseáil, deontais agus meaitseáil infheisteoirí; MOLANN SÍ bearta chun riosca d'infheisteoirí a laghdú trí ráthaíochtaí ón gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha.

39. IS DÍOL SÁSAIMH DI prionsabail agus tionscnamh airgeadais an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe lena gcomhlánaítear na creataí atá ann cheana maidir le maoiniú inbhuanaithe agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhlíonadh, trédhearcacht agus nochtadh chomh maith leis na dúshláin shonracha infheistíochta i gcomhthéacs an aigéin.

40. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ócáid thábhachtach í Comhdháil Lá Muirí na hEorpa lena gcuirtear le forbairt na hearnála muirí san Eoraip; TRÉASLAÍONN SÍ leis an bPortaingéil as Comhdháil Lá Muirí na hEorpa rathúil a reáchtáil i Liospóin an 15 go dtí an 16 Bealtaine 2019 agus TÁ SÍ AG SÚIL leis an gcéad Chomhdháil eile in 2020 i gCorcaigh, Éire.

41. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach muirí agus straitéisí agus tionscnaimh imchuach farraige an Aontais lena gcumasaítear bearta saincheaptha a fhorbairt; AITHNÍONN SÍ comhlántacht na straitéisí agus na dtionscnamh maidir le himchuach farraige an Aontais le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais, lena n-áirítear spriocanna i ndáil le beartas comharsanachta an Aontais; IARRANN SÍ ar na Ballstáit lena mbaineann an méid seo a leanas a chur san áireamh: na tosaíochtaí agus na cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí maidir le straitéisí agus tionscnaimh an Aontais i ndáil le himchuach farraige an Aontais, agus maidir le Straitéis an Aontais do na réigiúin is forimeallaí, i gclársceidealú agus i gcur chun feidhme na n-ionstraimí cistiúcháin ábhartha.

## IV. BRUSCAR MUIRÍ AGUS DRAMHAÍL PHLAISTEACH

42. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI go bhfuil méadú gasta ag teacht ar leibhéil an bhruscair mhuirí, lena n-áirítear dramhaíl phlaisteach agus micreaphlaistigh, rud is cúis le fadhbanna tromchúiseacha comhshaoil ar scála domhanda, agus ar bagairt iad ar an gcomhshaol, ar éiceachórais, ar an mbithéagsúlacht agus ar an ngeilleagar agus ar an tsláinte chomh maith, agus gur cheart aird chuí a thabhairt orthu láithreach agus gníomhú dá réir.

43. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Treoir maidir le Táirgí Plaisteacha Aonúsáide agus an Treoir nua maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt; TACAÍONN SÍ le cur chun feidhme iomlán na ngníomhaíochtaí eile i ndáil le bruscar muirí i Straitéis an Aontais maidir le Plaistigh.

44. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tionchar suntasach ag bruscar muirí ní hamháin ar éiceachórais mhuirí ach go bhfuil sé ag giniúint costas ollmhór agus caillteanas ioncaim don gheilleagar gorm cheana féin, go háirithe san iascaireacht, sa dobharshaothrú agus sa turasóireacht, agus gurb é is cúis le fadhbanna san iompar muirí.

45. TACAÍONN SÍ leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a mbeidh tacar leathan beart ag gabháil leis chun bruscar muirí agus giniúint dramhaíola a íoslaghdú; IS DÍOL SÁSAIMH DI comhpháirtíochtaí réigiúnacha agus áitiúla agus cuibhreannais comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha chun bainistiú dramhaíola a fhorbairt, lena n-áirítear bailiú dramhaíola plaistí ó limistéir chósta, cóireáil fuíolluisce agus saoráidí glactha calafoirt níos fearr; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le dlús a chur le gníomhaíochtaí domhanda chun sceitheadh bruscair phlaistigh agus substaintí dochracha eile sa timpeallacht, agus go háirithe sna haigéin, a chosc, trí bhreithniú ar chomhaontú idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú plaisteach, go háirithe truailliú na bplaisteach muirí.

46. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh rúin ábhartha ag an gceathrú cruinniú de chuid Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, AGUS IS MÓR AICI, go ndéanfaidh ceannairí Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) agus Ceannairí G20 dearbhuithe ábhartha a ghlacadh.

**V. EOLAS MUIRÍ**

47. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfaí laghdú suntasach a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaí damáiste do-athraithe do na héiceachórais agus ar an riosca infheistíochta sa gheilleagar gorm ach eolas níos fearr a bheith ann ar staid agus ar dhinimic an chomhshaoil mhuirí.

48. MEABHRAÍTEAR DI na hinfheistíochtaí tábhachtacha a rinneadh trí Fís 2020, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht; IS DÍOL SÁSAIMH DI limistéar misin Fís Eorpach maidir leis na haigéin, na farraigí agus na huiscí cósta agus intíre a bheith sláintiúil.

49. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an rannchuidiú luachmhar a rinne córas faireacháin dhomhanda an Aontais um fhaire na Cruinne, Copernicus, lena n-áirítear a Sheirbhísí Muirí, Athraithe Aeráide agus Slándála, chun sonraí satailíte ríthábhachtacha ar na haigéin a bhailiú.

50. Maidir le tionscnaimh scaipthe sonraí, amhail an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí (EMODnet) agus Seirbhís Mhuirí Copernicus agus an Beartas Sonraí Oscailte a chuirtear chun cinn faoi Fís 2020, AITHNÍONN SÍ an feabhas mór atá tagtha cheana féin ar infhaighteacht sonraí agus táirgí sonraí de bharr na dtionscnamh sin agus go bhfuil siad ina n-eiseamláirí do na comhpháirtithe idirnáisiúnta; CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé ionstraimí agus bonneagair a chomhroinnt chun eolas muirí a chur chun cinn; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun na bearnaí a líonadh ó thaobh breathnóireachta agus ó thaobh infhaighteacht sonraí agus idir-inoibritheacht sonraí de.

51. AITHNÍONN SÍ gur gá scileanna a uasghrádú chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus tá sí ag súil leis an treoirphlean le haghaidh straitéis maidir le scileanna ó thaobh na longthógála agus fuinneamh inathnuaite de atá á ullmhú ag comhaontas scileanna earnála; CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le straitéis láidir de chuid an Aontais chun scileanna muirí a chaomhnú agus a fhorbairt chun an t-oideachas gorm a fheabhsú agus chun poist ghorma a chur chun cinn.

52. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur den ríthábhacht é leibhéal na litearthachta aigéan san Eoraip a ardú agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a spreagadh chun gníomhú agus líonrú a dhéanamh ar bhonn gníomhach maidir le saincheisteanna a bhaineann le caomhnú na n-aigéan chun gur fearr an mhaoirseacht a dhéanfar ar na haigéin agus na farraigí.

## **<u>VI. SLANDÁIL AGUS FAIREACHAS MUIRÍ</u>**

53. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé ardleibhéal slándála muirí a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, i gcomhréir le Straitéis Slándála Muirí an Aontais (SSMAE) agus lena Phlean Gníomhaíochta nuashonraithe[6] maidir le saoránaigh an Aontais agus le huiscí Bhallstáit an Aontais a chosaint agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt; IARRANN SÍ ar na Ballstáit an comhordú maidir le slándáil mhuirí a fheabhsú.

[6] 10494/18

54. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá faireachas muirí i gcomhthéacs SSMAE agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh chun Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise a bhunú don réimse muirí (CISE) agus an tábhacht a bhaineann go sonrach leis an aistriú chuig an gcéim oibríochtúil arna bainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí; MOLANN SÍ do na Ballstáit uile agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais a bheith rannpháirteach sa chéim sin d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go forleathan réitigh idir-inoibritheachta CISE chun faisnéis mhuirí a mhalartú thar earnálacha agus thar theorainneacha, ag cur san áireamh tionscnaimh agus líonraí deonacha eile i gcomhréir le córais éigeantacha an Aontais atá ann cheana. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is díol spéise di, an plé atá ar siúl faoi láthair le haghaidh Láithreachtaí Muirí Comhordaithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

55. MOLANN SÍ tiomantas athnuaite don tslándáil mhuirí trí chur chuige réigiúnach agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart straitéisí agus beartais earnálacha agus réigiúnacha ábhartha eile de chuid an Aontais, a bhfuil feidhm acu maidir le farraigí agus fo-imchuacha na hEorpa, a chur chun cinn i gcomhordú go hiomlán le SSMAE.

## VII. NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ AGUS TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR

56. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS leochaileacht shonrach na réigiún is forimeallaí agus na dtíortha agus na gcríoch thar lear maidir leis an athrú aeráide, a dhéanann difear dá dtírdhreach cósta, dá n-éiceachórais agus dá mbithéagsúlacht.

57. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an Beartas Muirí Comhtháite agus an beartas Eorpach muirí agus iascaigh sna réigiúin is forimeallaí chun fás inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha gorma a chur chun cinn; IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh ó 2017 i leith faoi straitéis an Aontais dar teideal "Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas", go háirithe i réimsí an oiriúnaithe don athrú aeráide agus an gheilleagair ghoirm.

58. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a baineadh amach i gcomhthéacs chomhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas ar shaincheisteanna a bhaineann leis na haigéin, amhail an geilleagar gorm a chur chun cinn, an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide, laghdú rioscaí tubaiste a chur chun cinn, bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí agus na n-éiceachóras muirí, bainistiú inbhuanaithe an uisce, pleanáil spásúil mhuirí agus bainistiú comhtháite na limistéar cósta, comhar i réimse acmhainní idirnáisiúnta na n-aigéan, agus saincheisteanna Artacha.

**VIII. AN tARTACH**

*59.* CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI go bhfuil réigiún fharraige an Artaigh ar cheann de na réigiúin sin is mó a bhfuil tionchar ag an athrú aeráide orthu agus go bhfuil sé ag téamh ar luas atá breis agus dhá oiread an ráta domhanda; AITHNÍONN SÍ an aird speisialta is gá a thabhairt ar an muirthimpeallacht Artach atá uathúil leochaileach agus tá sí tiomanta i gcónaí dá cosaint ar thionchair dhíobhálacha ghníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear trí thaighde muirí feabhsaithe, agus molann sí go gcuirfear chun feidhme Comhaontú Artach na Comhairle maidir le Comhar Idirnáisiúnta Eolaíoch Artach a Fheabhsú chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a mhéadú i bhforbairt an eolais eolaíoch faoin réigiún, i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tíortha sa réigiún Artach. AITHNÍONN SÍ iarrachtaí na Comhairle Artaí eolas seanbhunaithe agus áitiúil a áireamh ina cuid oibre.

60. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh aon loingseoireacht san Artach sábháilte agus inbhuanaithe, agus cuspóir IMO maidir le gás ceaptha teasa a laghdú á chur san áireamh; IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí IMO chun an tionchar atá ag astaíochtaí de charbón dubh ón loingseoireacht idirnáisiúnta ar an Artach a laghdú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé Cód Polach IMO a chur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe agus, ina theannta sin, an Cód maidir le faireachas muirí tiomnaithe a chomhlíonadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le dlúthchomhar éifeachtach maidir le Cuardach agus Tarrtháil, chomh maith le cumas coiscthe, ullmhachta agus freagartha i ndáil le héigeandáil.

61. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhar impholach meitéareolaíoch agus aigéaneolaíoch chun sábháilteacht san Artach a fheabhsú; MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sineirgí idir Galileo agus Copernicus le haghaidh oibríochtaí loingseoireachta sábháilte agus faireachán comhshaoil, agus riachtanais úsáideoirí atá lonnaithe sa réigiún Artach á gcomhlíonadh; MOLANN SÍ do Ghníomhaireacht Eorpach GNSS úsáid a bhaint as na sineirgí sin agus feidhmchláir "iltoiseacha" (aimsiú suímh/faire na Cruinne/cumarsáid satailíte) á bhforbairt aici.

62. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an leas geopholaitiúil i leith an Artaigh ag dul i méid agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an tArtach a choinneáil mar réigiún ísealteannais– ardchomhair.

63. IS FADA LÉI GO nDÉANFAIDH an Coimisiún agus an tArdionadaí nuashonrú ar Bheartas an Aontais maidir leis an Artach, lena n-áirítear Teachtaireacht Chomhpháirteach 2016 i bhfianaise na ndúshlán agus na ndeiseanna nua, agus i bhfianaise na spéise idirnáisiúnta atá ag fás.

64. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS rannchuidiú luachmhar na Comhairle Artaí gona meithleacha, lena gcuirtear fóram ar fáil chun muirthimpeallacht an Artaigh a chosaint agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, chomh maith leis an tiomantas chun dul i gcomhairle leis na pobail dhúchasacha agus áitiúla san Artach agus comhoibriú leo agus tacú lena rannpháirtíocht fhiúntach i ngníomhaíochtaí den Chomhairle Artach.

65. IS DÍOL SÁSAIMH DI an clár do Chathaoirleacht na hÍoslainne ar an gComhairle Artach, 2019-2021, lena gcuirtear béim ar an gComhshaol Muirí Artach mar cheann dá cuid tosaíochtaí; IS DÍOL SÁSAIMH DI obair na Comhairle Artaí maidir le Plean Gníomhaíochta Réigiúnach a fhorbairt i ndáil le Bruscar Muirí.

66. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur shínigh an tAontas agus naoi stát an comhaontú in Ilusissat, an Ghraonlainn, ar an 3 Deireadh Fómhair 2018, chun iascach mórmhara neamhrialaithe i Lár an Aigéin Artaigh a chosc, agus MOLANN SÍ go gcuirfear i bhfeidhm an chomhaontaithe sin gan mhoill.

67. IS DÍOL SÁSAIMH DI Fóram Artach an Aontais, a d'eagraigh an tAontas agus an tSualainn i gcomhpháirt, a tionóladh in Umeå ar an 3 go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2019 chun tús a chur leis an idirphlé maidir le Beartas Artach an Aontais a bheidh ann amach anseo.